## Costais dlí / socraíochtaí

I gcásanna inar mó ná €50,000 na costais dlí charnacha a tabhaíodh sa bhliain chuntais, is é €852k (2023: -€67k) an costas iomlán a tabhaíodh in 2024.

Áirítear leis an bhfigiúr sin táillí dlí €852k (2023: €258k) agus cúiteamh a íocadh €nialas (2023: €191k) agus soláthar maidir le méideanna nach bhfuil íoctha go fóill ach a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh siad le híoc.

Áirítear leis an gcostas a thaifeadtar sa Ráiteas Ioncaim soláthar maidir le gach cás dlíthíochta oscailte agus neamhshocraithe, glan ar mhéideanna atá le haisghabháil ó árachóirí.

Áirítear CBL neamh-inghnóthaithe sna costais. Ní áirítear leis sin caiteachas a thabhaítear i ndáil le comhairle dlí ghinearálta toisc go n-áirítear é sin i gcostais chomhairliúcháin thuas. Is é scaoileadh na bhforálacha sa bhliain sin is cúis leis an gcreidmheas in 2023.

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dlí, socruithe, imeachtaí idir-réitigh agus eadrána. Ní áirítear leis sin caiteachas a thabhaítear i ndáil le comhairle dlí ghinearálta toisc go n-áirítear é sin i gcostais chomhairliúcháin thuas.

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Táillí dlí & costais | 852 | (258) |
| Socruithe | - | 191 |
| Iomlán | 852 | (67) |
| Líon na gcásanna dlí | 20 | 28 |